



## LÉIRIÚ ÁBHAR do MOLSCÉAL i gConamara agus Baile Átha Cliath.

I bhFómhar na bliana 2018, chuir TG4 tús le dhá bhranda nua Neamhlíniach, Molscéal, ag díriú ar croí phobal na Gaeilge agus Bloc, ag díriú ar árdán a thabhairt don lucht féachana óg faoi bhun 25 bliana.

Cuireann TG4 fáilte roimh comhlachtaí Léirithe nó léiritheoirí a bheadh in ann cúram Léiriúcháin a dhéanamh do ábhar a chruthú a bheadh mar chranntaca do na h-árdáin seo i gConamara agus Baile Átha Cliath.

### **MOLSCÉAL:**

Fáiltítear roimh chomhlachtaí nó léiritheoirí atá lonnaithe i gConamara agus Baile Átha Cliath, a mbeadh ar a gcumas scéalta físe áitiúla ó chroí phobal Chonamara agus Baile Átha Cliath a sholáthair ar bhonn seachtainiúil a bheadh curtha in oiriúint do árdáin ar line Mholscéal. Is comhlachtaí atá á lorg a bhfuil grinn thuiscint acu ar Chroí Phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, agus a bhfuil Foireann faoina gcúram atá in ann pacáistí a chruthú ar mhúnla scéaláí físe nó iriseoir físe.

Bheadh súil le soláthar scéalta reatha ó 74 scéal nó mir físe ó Chonamara agus Baile Átha Cliath. –. D'fhéadfaí ó am go chéile sraitheanna a chruthú ar théamaí ar leith.

Bheadh luach thart ar €50,000 sa bhliain leis an gconradh seo. Bheadh cearta saoil treas ardán TG4 ag ábhar faoi bhranda Molscéal.

Tuilleadh eolais:

Is féidir breis eolais a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh le TG4 via Lís Ní Dhálaigh nó Deirdre Ní Choistín

### **Ag Teastáil**

Seol isteach bunsmainte ina ndéanfar cur síos ar na réimsí seo:

- An cur chuige físe don ábhar
- An cur chuige chun teacht ar soláthar reatha scéalta nó daoine - treas Ghaeltachta / treas Phobail Gaeilge
- An príomh Fhoireann Léirithe ar an togra.
- An buiséad: costas in aghaidh na míre
- Samplaí do cineál scéalta / cineál daoine a mholfá
- Léiriú ar thuiscint na comhlachta ar ábhar ar na h-árdáin soisialta.

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie>, agus an t-iarraitas a uaslódáil roimh

an sprioc-am tríd an rogha, 'Molscéal (2)', ón roghchlár anuas. Tíocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an próiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha – [máire.ui.choisdealbha@tg4.ie](mailto:máire.ui.choisdealbha@tg4.ie) nó Anna Marie Nic Dhonnacha [Annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie](mailto:Annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie)

### **Spriocdháta**

Dé hAoine 16ú Deireadh Fómhair ag a 4pm

### **Pointí tagartha:**

- MOLSCÉAL (TG4.ie/Molscéal)